CROÍ Research at the heart of teaching and learning

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Foirm Iarratais na Scéime Taighdeoirí Cónaithe (STC) 2022/2023

Réamhrá

Tá Creat Tacaíochta Taighde John Coolahan Research déanta suas de dhá scéim idirghaolmhara:

1) An Scéim Taighdeoirí Cónaithe (STC)

2) An Scéim Sparánachta Taighde (SST).

Tá tuilleadh sonraí maidir leis an SST ar fáil anseo.

Baineann an fhoirm seo leis an Scéim Taighdeoirí Cónaithe (STC) amháin. Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar ár leathanach gréasáin anseo.

Aidhm an STC

Tríd an **STC,** tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht go gníomhach do scoileanna, do chnuasaigh scoileanna, atá ag iarraidh dul i gcomhpháirtíocht le taighdeoirí in Institiúidí Ardoideachais (HEIanna) chun iniúchadh a dhéanamh ar thaighde **atá ann cheana féin,** é a shintéisiú, a chur i bhfeidhm agus a chomhroinnt i gceann amháin nó níos mó de na sé réimse foghlama de chuid Cosán, is iad sin:

- ✓ *Cuimsiú*
- ✓ *Folláine*
- ✓ *Litearthacht agus Uimhearthacht*
- ✓ *TFC*
- ✓ *Tacaíocht a Thabhairt d'Fhoghlaim Múinteoirí*
- ✓ *Foghlaim Threoraithe*

Beidh na taighdeoirí ag obair i gcomhpháirtíocht leis na scoileanna i rith na scoilbhliana 2022/2023 agus tabharfar **Taighdeoirí Cónaithe** orthu. Beifear ag díriú ar an gcleachtadh sa seomra ranga, agus beidh sé mar aidhm an taithí teagaisc agus foghlama a fheabhsú do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí.

Ar an bhfoirm iarratais seo, aithneofar múinteoir i gceannas (Cinnire Taighde) a thabharfaidh fuinneamh agus tacaíocht don STC ag leibhéal na scoile agus a threoróidh an taighde agus an taithí foghlama.

Tá sé i gceist go ndéanfaidh an Cinnire Taighde an fhoirm seo a chomhlánú agus go ndéanfaidh príomhoide na scoile nó Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta an fhoirm a fhaomhadh.

Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo.

Tá €50,000 ar an iomlán curtha ar fáil do thionscadail faoin scéim seo le haghaidh 2022/2023.

Iarratas a Chur Isteach

Déan an fhoirm a íoslódáil agus a shábháil sula ndéantar í a chomhlánú le do thoil. Is féidir foirmeacha comhlánaithe a chur ar ríomhphost ansin chuig an gComhairle Mhúinteoireachta ag research@teachingcouncil.ie.

Tá an fhreagracht ar gach iarratasóir a chinntiú go ndéantar gach cuid den fhoirm a chomhlánú agus go gcomhlíontar na critéir sula gcuirtear isteach an fhoirm. Gheobhaidh tú ríomhphost ina ndeimhneofar go bhfuarthas d'fhoirm in am trátha.

Ní mór na foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith faighte roimh an dáta deiridh de **3p.m., Déardaoin, an 3 Márta 2022.** Ní dhéanfar aon iarratais a fhaightear tar éis an dáta deiridh a mheas.

Cuid 1: Eolas faoin Scoil

IS GÁ GACH CUID LE RÉILTÍN (*) MARCÁILTE UIRTHI A CHOMHLÁNÚ

Scoil: *

Seoladh: *

Príomhoide: * **Leas-Phríomhoide: ***

Uimhir Fóin: * **Uimh. rolla na scoile: ***

Seoladh R-phoist: *

Leasainm Twitter:

Cuid 2: Sonraí an Iarratasóra

Cuir sonraí ar fáil anseo le do thoil maidir leis an duine a bheidh freagrach as fuinneamh agus tacaíocht a thabhairt don STC ag leibhéal na scoile agus a threoróidh an taighde agus an taithí foghlama.

Cinnire Taighde (Lead Teacher)

Ainm Iomlán: *

Seoladh R-phoist: *

Uimhir theileafóin: *

Uimhir Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta: *

Earnáil: * ☐ **Bunscoil** ☐ **Iar-Bhunscoil** ☐ **Breisoideachas**

Cuir tic leis an Réimse/na Réimsí Foghlama de chuid Cosán a bhfuil an tionscadal atá beartaithe agat ag teacht leis/leo:*

☐ **Foghlaim Threoraithe** ☐ **Litearthacht & Uimhearthacht** ☐ **Cuimsiú**

☐ **Tacaíocht a Thabhairt d'Fhoghlaim Múinteoirí** ☐ **Folláine** ☐ **TFC**

An bhfuil tú ag cleachtadh faoi láthair mar mhúinteoirí/mar phríomhoide i scoil nó in ionad oideachais aitheanta mar atá leagtha amach in Alt 10 den Acht Oideachais? * (Tabhair faoi deara le do thoil, gur gá do mhúinteoir/do phríomhoide atá ag cleachtadh an chuid seo den fhoirm a chomhlánú mar atá leagtha amach thuas.) **Tá** ☐ **Níl** ☐

Cuid 3: Achoimre ar an Tionscadal

Tabhair achoimre le do thoil ar an réimse ar leith den taighde atá ann cheana féin ar mian leat iniúchadh a dhéanamh air. **(100 focal nó níos lú)***

100 focal nó níos lú

Déan cur síos ar an méid seo a leanas le do thoil:

- an cineál tionscadail agus aidhm an tionscadail, agus luaigh an tionchar ar mian leat a bheith aige ar phobal na scoile;
- líon agus próifíl na mball foirne a bheidh bainteach leis;
- an mbeidh comhoibriú le scoileanna eile i gceist leis an tionscadal?

(400 focal nó níos lú) *

400 focal nó níos lú

Tabhair plean gnímh garbh le do thoil don scoilbhliain 2022/2023, agus luaigh na príomh-gharspriocanna agus na céimeanna praiticiúla a bheidh i gceist. **(200 focal nó níos lú) ***

200 focal nó níos lú

Tabhair achoimre le do thoil ar aon eolas breise a d'fhéadfadh tacú leis an iarratas seo. **(200 focal nó níos lú) ***

200 focal nó níos lú

Cuid 4: Taighdeoirí

- Gheobhaidh tú nasc chuig painéil na dTaighdeoirí Cónaithe anseo (Béarla). Tá painéal amháin do gach ceann de na sé Réimse Foghlama Cosán. Iarraimid ort breathnú tríd an bpainéal/ trí na painéil is fearr a bheadh ag teacht le do réimse roghnaithe agus a fháil amach an bhfuil taighdeoirí ar leith ar mian leat dul i gcomhpháirtíocht leis/léi ar an tionscadal seo.
- Más mian leat dul i gcomhpháirtíocht le taighdeoir áirithe atá liostaithe ar phainéal an STC thuas, luaigh a (h)ainm thíos.
- Má tá caidreamh cheana féin ag do scoil le taighdeoir atá lonnaithe in HEI atá curtha san áireamh i gceann amháin de na painéil ag an nasc thuas, b'fhéidir gur mian leat na sonraí a chur isteach anseo.
- De rogha air sin, táimid sásta taighdeoir oiriunach a aimsiú le dul i gcomhpháirtíocht leat ar an tionscadal seo, más fearr leat é seo a dhéanamh.*

Cuid 5: Faomhadh

Déanaim an t-iarratas seo a fhaomhadh agus beidh mé sásta tacú leis an gCinnire Taighde leis an tionscadal seo a chur chun cinn agus a chur i gcrích sa scoil.

Síniú Príomhoide na Scoile/Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta: *

Priontáil an tAinm:*

Seoladh R-phoist:*

Uimhir Rolla:*

Dáta:*